# Is é _ an Freagra

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – oibríochtaí, rialacha agus airíonna, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | teanga shuimithe agus dhealaithe, oibríochtaí, codáin, deachúlacha, céatadáin |
| **Áiseanna** | ábhair phraiticiúla, licíní, ciúbanna, cláir bhána bheaga, marcóirí |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Tosaíonn an ghníomhaíocht nuair a roghnaíonn an múinteoir uimhir a bheadh mar fhreagra ar cheisteanna a chaithfidh na daltaí a chumadh. Mar shampla, scríobhann an múinteoir ar an chlár 'Is é 0.2 an freagra. Cad é an cheist?' Caithfidh na daltaí ceisteanna difriúla a chumadh ag úsáid na n-oibríochtaí uimhris, an t-eolas atá acu ar chodáin, deachúlacha agus céatadáin agus réimsí eile cosúil le huillinneacha nó céimeanna eile. Ba cheart ceisteanna a bhfuil an freagra 0.2 iontu a úsáid, cosúil le:

Trí dheichiú lúide aon deichiú
2 roinnte ar 10
Fiche céadú.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cruthaíonn daltaí, ar bhonn aonair nó i mbeirteanna, a gcuid fadhbanna focal le teacht ar fhreagra faoi leith. Mar shampla, thiocfadh leo ceisteanna ina bhfuil pictiúir nó léaráidí a scríobh nó scéal a insint ó bhéal ina bhfuil ceithre oibríocht, agus eolas ar réimsí eile matamaitice le teacht ar fhreagraí faoi leith.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na dóigheanna a dtig liom 81 a bhaint amach?<br>• Cad é mar a thig liom 30 $cm^2$ a bhaint amach?<br>• An freagra atá agam ná 50%. Cad í an cheist? | • Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtig liom ¼ a fháil mar fhreagra?<br>• Inis dom faoi na straitéisí a d'úsáid tú. Cad chuige ar roghnaigh tú iad?<br>• Cad é a smaoiníonn tú ar na straitéisí a d'úsáid tú agus ar na cinn a d'úsáid do chairde? Cad é a d'oibrigh go maith?<br>• Cad é mar atá fhios againn go n-oibríonn an straitéis seo? Cad é mar a thig leat sin a chruthú? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
Socraigh uimhreacha agus critéir de réir thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, bíodh trí uimhir mar chuid de do cheist.